



2021/0381(COD)

3.11.2022

TUAIRIM

ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

chuíg an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus spriocdhírú na fógraíochta polaitiúla (COM(2021)0731 – C9-0433/2021 – 2021/0381(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Sabine Verheyen

(*) Coiste comhlachaithe – Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

An 25 Samhain 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thogra reachtach le haghaidh rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíríú na fógraíochta polaitiúla, arb é is aidhm dó creat dlíthiúil a thabhairt isteach chun ardleibhéal trédhearcachta maidir le fógraíocht pholaitiúil agus le seirbhísí gaolmhara a áirithiú.

Ar an iomlán, is geal leis an Rapóirtéir an togra ach ba mhaith léi sraith leasuithe a mholadh ar mhaithe le soiléiriú a dhéanamh i dtaobh forálacha áirithe a bhaineann le scaipeadh fógraíochta polaitiúla trí na meáin as líne agus ar mhaithe le cur chuige comhsheasmhach idir soláthraithe seirbhíse fógraíochta polaitiúla as líne agus ar líne a áirithiú.

Ina theannta sin, tugann an Rapóirtéir chun suntais na hidirnaisc agus na comhlántachtaí atá idir an togra nua agus Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc (AVMSD) agus an gá atá le cosaint a dhéanamh ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar an gceart chun faisnéise.

Ar deireadh, maidir leis na gnéithe rialachais, ní gá go bhforáiltear sa rialachán atá beartaithe d'aon údarais nó comhlachtaí breise ar leibhéal na mBallstát a chruthú toisc go bhféadfaí na cúraimí sin a chur faoi chúram na n-údarás inniúil náisiúnta ábhartha, go háirithe na húdarais sin a bhfuil ról acu cheana féin faoi réimse rialáil na meán. Mar sin féin, tá sé mar aidhm ag an Rapóirtéir soiléiriú a dhéanamh ar na sásraí comhair áirithe atá idir na húdarais uile lena mbaineann chun iarracht a dhéanamh dúshlán forfheidhmiúcháin sa todhchaí a mhaolú.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) I gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla, is minic a úsáidtear teicnící spriocdhíríthe. Ba cheart teicnící spriocdhíríthe agus aimpliúcháin a thuiscint mar theicnící a úsáidtear chun fógra polaitiúil spriocdhíríthe a dhíriú ar dhuine sonrach nó ar ghrúpa daoine sonrach, sin nó chun cúrsaíocht, raon feidhme nó infheictheacht fógra pholaitiúil a mhéadú. I bhfianaise na cumhachta agus na **hacmhainneachta** atá ann **chun** mí-úsáid a bhaint as sonraí pearsanta, lena n-

Leasú

(5) I gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla, is minic a úsáidtear teicnící spriocdhíríthe. Ba cheart teicnící spriocdhíríthe agus aimpliúcháin a thuiscint mar theicnící a úsáidtear chun fógra polaitiúil spriocdhíríthe a dhíriú ar dhuine sonrach nó ar ghrúpa daoine sonrach, sin nó chun cúrsaíocht, raon feidhme nó infheictheacht fógra pholaitiúil a mhéadú. I bhfianaise na cumhachta agus na **hinacmhainneachta** atá ann mí-úsáid a bhaint as sonraí pearsanta **a bhaineann le**

áirítear trí *mhicrea-spriocdhíriú* agus *teicnící* eile *níos forbartha*, d'fhéadfadh *sé go mbeadh bagairt ar leith ag baint leis* na teicnící sin ar leasanna dlisteanacha an phobail, amhail cothroime, comhdheiseanna agus trédhearcacht sa phróiseas toghcháin agus an ceart bunúsach *chun bheith* ar an eolas ar bhealach oibiachtúil, trédhearcach agus iolraíoch.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6) Déantar an fhógraíocht pholaitiúil a rialáil go hilchineálach faoi láthair sna Ballstáit, agus díritear go minic ar fhoirmeacha traidisiúnta na meán. Tá srianta sonracha ann, lena n-áirítear *srianta ar sheirbhísí* fógraíochta polaitiúla a *chur ar fáil thar theorannacha*. Cuireann roinnt Ballstát cosc ar sholáthraithe seirbhíse an Aontais atá bunaithe i mBallstáit eile seirbhísí de chineál polaitiúil a sholáthar nó seirbhísí a bhfuil cuspóir polaitiúil acu a sholáthar le linn tréimhsí toghcháin. Bíodh sin mar atá, is dócha go bhfuil bearnaí agus lúba ar lár sa reachtaíocht náisiúnta i roinnt Ballstát, rud a fhágann go scaiptear fógraíocht pholaitiúil uaireanta gan aird a thabhairt ar na rialacha náisiúnta ábhartha agus go bhfuil an baol ann dá bhrí sin go mbainfear an bonn de chuspóir na rialála trédhearcachta maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin

PE735.573v02-00

4/29

AD\1265545GA.docx

spriocdhíriú, lena n-áirítear trí *mhicreaspriocdhíriú* agus *ardteicnící* eile, d'fhéadfadh na teicnící sin *a bheith ina mbagairtí* ar *leith ar* leasanna dlisteanacha an phobail, amhail cothroime, *saoirse cainte, cosaint shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Aontas*, comhdheiseanna agus trédhearcacht sa phróiseas toghcháin agus an ceart bunúsach *go gcuirfí* ar an eolas *iad* ar bhealach oibiachtúil, trédhearcach agus iolraíoch.

Leasú

(6) Déantar an fhógraíocht pholaitiúil a rialáil go hilchineálach faoi láthair sna Ballstáit, agus díritear go minic ar fhoirmeacha traidisiúnta na meán. Tá srianta sonracha ann lena n-áirítear *maidir le forálacha trasteorann seirbhísí* fógraíochta polaitiúla a *dhéanann difear go díreach don acmhainneacht feachtais pholaitiúla trasteorann agus uile-Eorpacha a sheoladh*. Cuireann roinnt Ballstát cosc ar sholáthraithe seirbhíse an Aontais atá bunaithe i mBallstáit eile seirbhísí de chineál polaitiúil a sholáthar nó seirbhísí a bhfuil cuspóir polaitiúil acu a sholáthar le linn tréimhsí toghcháin. Bíodh sin mar atá, is dócha go bhfuil bearnaí agus lúba ar lár sa reachtaíocht náisiúnta *agus Aontais* i roinnt Ballstát, rud a fhágann go scaiptear fógraíocht pholaitiúil uaireanta gan aird a thabhairt ar na rialacha náisiúnta ábhartha agus go bhfuil an baol ann dá bhrí sin go mbainfear an bonn de chuspóir na rialála trédhearcachta maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil.

Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(13) *Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh d'inneachar substainteach na fógraíochta polaitiúla ná do na rialacha lena rialáiltear taispeáint na fógraíochta polaitiúla, lena n-áirítear tréimhsí tosta, mar a thugtar orthu, roimh thoghcháin nó reifrinn.*

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(16) Ba cheart a bheith san áireamh sa sainmhíniú ar fhógraíocht pholaitiúil fógraíocht a fhoilsíonn nó a scaipeann gníomhaí polaitiúil go díreach nó go hindíreach nó fógraíocht a fhoilsítear nó a scaiptear go díreach nó go hindíreach ar son gníomhaí polaitiúil nó thar a cheann. Ó tharla nach féidir fógraí a dhéanann gníomhaí polaitiúil, nó fógraí a dhéantar ar a shon nó thar a cheann a scaradh óna ghníomhaíocht ina ról mar ghníomhaí polaitiúil, is féidir a mheas go bhféadfaidís tionchar a imirt ar an díoscúrsa polaitiúil, ach amháin i gcás teachtaireachtaí de chineál príobháideach nó de chineál tráchtála amháin.

Leasú

(13) *Tá sé rithábhachtach nach ndéanfaidh an Rialachán seo difear d'inneachar substainteach na fógraíochta polaitiúla ná do na rialacha lena rialáitear taispeáint na fógraíochta polaitiúla, lena n-áirítear tréimhsí tosta, mar a thugtar orthu, roimh thoghcháin nó reifrinn. Ina theannta sin, tá sé bunriachtanach nach ndéanfaidh an Rialachán seo difear don cheart bunúsach chun saoirse tuairimíochta agus chun saoirse cainte, ná nach n-úsáidfeadh é chun difear a dhéanamh ar bhealach ar bith;*

Leasú

(16) Ba cheart go n-áireofaí leis an sainmhíniú ar fhógraíocht pholaitiúil fógraíocht arna hullmhú, arna ceannach, arna cur ar fáil, arna foilsíú, arna cur chun cinn nó arna scaipeadh go díreach nó go hindíreach ag gníomhaí polaitiúil nó arna foilsíú nó arna scaipeadh go díreach nó go hindíreach do ghníomhaí polaitiúil nó thar a cheann. Ós rud é nach féidir fógraí ó ghníomhaí polaitiúil, do ghníomhaí polaitiúil nó thar a cheann a bhaint dá ngníomhaíocht ina ról mar ghníomhaí polaitiúil, is féidir a thoimhdiú go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an díospóireacht pholaitiúil, nó ar thoradh toghcháin nó reifrinn, cé is moite de theachtairachtaí ar de chineál príobháideach nó de chineál tráchtála amháin iad.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(17) *Maidir le teachtaireacht a fhoilsíonn nó a scaipeann* gníomhaithe eile, *ar teachtaireacht í a d'fhéadfadh* tionchar a imirt ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompraíocht vótála, *ba cheart é sin a mheas mar fhógraíocht pholaitiúil freisin.* Chun a chinneadh an bhféadfadh *tionchar a bheith ag* foilsíú nó scaipeadh teachtaireachta ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompraíocht vótála, ba cheart aird a thabhairt ar na tosca ábhartha uile, amhail inneachar na teachtaireachta, an teanga a úsáidtear chun an teachtaireacht a chur in iúl, an comhthéacs ina gcuirtear an teachtaireacht in iúl, cuspóir na teachtaireachta agus an modh *lena* bhfoilsítear nó *lena* scaiptear an teachtaireacht. Mar a tharlaíonn sé, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag teachtaireachtaí maidir le saincheisteanna sochaíocha nó conspóideacha ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompraíocht vótála.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(19) Tuairimí polaitiúla a chuirtear in iúl i gcláir na *gcrail* líneacha *closamhairc* nó a fhoilsítear sna meáin chlóite *gan*

Leasú

(17) *Ba cheart gur fógraíocht pholaitiúil a bheadh i bhfoilsíú, cur chun cinn nó scaipeadh teachtaireachta ag* gníomhaithe eile *atá faoi dhliteanas agus atá ceaptha chun* tionchar a imirt ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompraíocht vótála *nó ar thuairimí an phobail ar shaincheisteanna sochaíocha.* Chun a chinneadh an bhféadfadh foilsíú nó scaipeadh teachtaireachta, *tionchar a imirt* ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompraíocht vótála *agus ar teachtaireacht í atá ceaptha chun na críche sin,* ba cheart aird a thabhairt ar na tosca ábhartha uile, amhail *urraitheoir na teachtaireachta,* inneachar na teachtaireachta, an teanga a úsáidtear chun an teachtaireacht a chur in iúl, an comhthéacs ina gcuirtear an teachtaireacht in iúl, cuspóir na teachtaireachta agus an modh *trína* bhfoilsítear nó *trína* scaiptear an teachtaireacht. Mar a tharlaíonn sé, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag teachtaireachtaí maidir le saincheisteanna sochaíocha nó conspóideacha ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompraíocht vótála.

Leasú

(19) *Rannchuidíonn na meáin le dea-fheidhmiú na bpróiseas daonlathach agus tá ról ríthábhachtach acu ó thaobh na*

íocaíocht dhíreach nó luach saothair coibhéiseach a bheith i gceist leo, níor cheart iad a chumhdach leis an Rialachán seo.

saoirse chun tuairimí a nochtadh agus an chirt chun faisnéise de, go háirithe le linn tréimhsí toghcháin. Cuireann siad spás ar fáil do dhíospóireacht phoiblí agus rannchuidíonn siad le tuairimí an phobail a fhoirmiú. Níor cheart, dá bhrí sin, go ndéanfadh an Rialachán seo difear do shaoirse eagarthóireachta na meán. Níor cheart tuairimí polaitiúla agus ábhar eagarthóireachta eile a bhfuil sé mar aidhm leo eolas, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil agus a chuirtear in iúl faoi fhreagracht eagarthóireachta soláthraí seirbhíse meán i gcláir na meán fuaime agus closamhairc, lena n-áirítear craoltaí líneacha nó neamhlíneacha, nó a fhoilsítear sna meáin chlóite nó ar líne, a mheas mar fhógra polaitiúil agus níor cheart iad a chumhdach leis an Rialachán seo, mura rud é gur íoc tríú páirtí an soláthraí as an bhfógra polaitiúil nó gur thug tríú páirtí luach saothair dó as an bhfógra polaitiúil.

Leasú 7

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(19a) Tá litearthacht ó thaobh na meán de lárnach chun go mbeidh saoránaigh in ann na meáin a úsáid go héifeachtach agus go sábháilte. Is scíl riachtanach é freisin don phobal leas a bhaint as an rochtain ar fhaisnéis faoi fhógraíocht pholaitiúil dá bhforáiltear leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach forbairt litearthachta sna meáin a chur chun cinn sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais, i ngach cuid den tsochaí, do shaoránaigh de gach aois.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(26) Chun **réimse** leathan na soláthraithe seirbhíse ábhartha atá nasctha le seirbhísí fógraíochta polaitiúla a chumhdach, ba cheart seirbhísí fógraíochta polaitiúla a **thuiscint mar rud a chuimsíonn soláthraithe a bhfuil baint acu le hullmhú, suíomh**, cur chun cinn, **foilsíú** agus scaipeadh **na** fógraíochta polaitiúla.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(39) Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar i bhfógra trédhearcachta ar cheart céannacht an urraitheora a bheith ann freisin, **d'fhonn** tacú le cuntasacht sa phróiseas polaitiúil. Ba cheart áit bhunaithe an urraitheora agus cibé acu an duine nádúrtha nó duine dlítheanach an t-urraitheoir a **léiriú** go soiléir. Sonraí pearsanta a bhaineann le daoine aonair atá **páirteach** san fhógraíocht pholaitiúil **ach** nach **bhfuil gaolmhar** leis an urraitheoir ná le gníomhaí polaitiúil eile **atá páirteach, níor cheart na sonraí pearsanta sin a sholáthar san fhógra trédhearcachta**. Ba cheart faisnéis a bheith san fhógra trédhearcachta freisin maidir leis an tréimhse scaipthe, aon toghchán nasctha, an méid airgid a caitheadh agus luach na sochar eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar an bhfógra sonrath, chomh maith leis an bhfeachtas fógraíochta ar fad, foinse na gcistí a úsáideadh agus faisnéis eile chun cothroime maidir le scaipeadh na fógraíochta polaitiúla a áirithiú. Faisnéis maidir le foinse na gcistí, baineann an fhaisnéis sin lena **thionscnamh** poiblí nó príobháideach **mar**

Leasú

(26) Chun **raon** leathan na soláthraithe seirbhíse ábhartha atá nasctha le seirbhísí fógraíochta polaitiúla a chumhdach, ba cheart **go dtuigfí go bhfuil soláthraithe** seirbhíse fógraíochta polaitiúla **comhdhéanta de sholáthraithe** a bhfuil baint acu le hullmhú, **ceannach, socrúchán, foilsíú**, cur chun cinn agus scaipeadh fógraíochta polaitiúla.

Leasú

(39) Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar i bhfógra trédhearcachta ar cheart céannacht an urraitheora a bheith ann freisin **agus, i gcás inarb infheidhme, céannacht an eintitis nó an duine arb é ar deireadh a rialaíonn an t-urraitheoir nó a thugann maoiniú don urraitheoir, chun** tacú le cuntasacht sa phróiseas polaitiúil. Ba cheart áit bhunaithe an urraitheora agus cibé acu an duine nádúrtha nó duine dlítheanach **é** an t-urraitheoir **nó nach ea a bheith léirithe** go soiléir. **Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha céanna maidir leis an eintiteas nó leis an duine a rialaíonn an t-urraitheoir ar deireadh. Níor cheart go soláthrófaí san fhógra trédhearcachta** sonraí pearsanta a bhaineann le daoine aonair atá **rannpháirteach** san fhógraíocht pholaitiúil, nach **mbaineann** leis an urraitheoir ná le gníomhaí **rannpháirteach** polaitiúil eile. Ba cheart faisnéis a bheith san fhógra trédhearcachta freisin maidir leis an **suíomh, an foilsíú, cur chun cinn agus an** tréimhse scaipthe, aon toghchán nasctha, an méid airgid a caitheadh agus luach na sochar eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar

shampla, agus más laistigh nó lasmuigh den Aontas Eorpach a thagann *sé*. San fhaisnéis a bhaineann le toghcháin nó reifrinn nasctha, nuair is féidir, *ba cheart* nasc *a chur inti* chuig faisnéis ó fhoinsí oifigiúla maidir leis an eagrúchán agus leis na módúlachtaí le haghaidh rannpháirtíocht sna toghcháin nó sna reifrinn sin nó maidir le rannpháirtíocht sna toghcháin nó sna reifrinn sin a chur chun cinn. Ba cheart faisnéis a áireamh san fhógra trédhearcachta maidir leis an gcaoi *is* féidir fógraí polaitiúla a mharcáil i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart don cheanglas sin a bheith gan dochar do na forálacha maidir le fógra a thabhairt de réir *Airteagal* 14, 15 agus 19 de Rialachán (AE) 2021/XXX [an *Ionstraim* um Sheirbhísí Digiteacha].

an bhfógra sonrath, chomh maith leis an bhfeachtas fógraíochta ar fad, foinse na gcistí a úsáideadh agus faisnéis eile chun cothroime maidir le scaipeadh na fógraíochta polaitiúla a áirithiú. Faisnéis maidir le foinse na gcistí *a úsáidtear*, baineann an fhaisnéis sin *mar shampla* lena *tionscnamh* poiblí nó príobháideach, agus más *ó* laistigh nó lasmuigh den Aontas Eorpach a thagann *sí*. San fhaisnéis a bhaineann le toghcháin nó reifrinn nasctha, *ba cheart go n-áireofaí inti*, nuair is féidir, nasc chuig faisnéis ó fhoinsí oifigiúla maidir leis an eagrúchán agus leis na módúlachtaí le haghaidh rannpháirtíocht sna toghcháin nó sna reifrinn sin nó maidir le rannpháirtíocht sna toghcháin nó sna reifrinn sin a chur chun cinn. Ba cheart faisnéis a áireamh san fhógra trédhearcachta maidir leis an gcaoi *ar* féidir fógraí polaitiúla a mharcáil i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart don cheanglas sin a bheith gan dochar do na forálacha maidir le fógra a thabhairt de réir *Airteagail* 14, 15 agus 19 de Rialachán (AE) 2021/XXX [an *Gníomh* um Sheirbhísí Digiteacha]. *Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis iomlán agus cruinn.*

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(40) Ba cheart an fhaisnéis atá le háireamh san fhógra trédhearcachta a sholáthar san fhógra féin nó ba cheart fáil éasca a bheith uirthi trí bhíthin comhartha atá san fhógra. An *ceanglas* go mbeidh an fhaisnéis faoin bhfógra *trédhearcacht* le feiceáil go soiléir inter alia, ba cheart *a chuimsiú ann* go *mbeidh sí le feiceáil go soiléir san fhógra* nó leis an *bhfógra*. An

Leasú

(40) Ba cheart an fhaisnéis atá le háireamh san fhógra trédhearcachta a sholáthar san fhógra féin nó ba cheart fáil éasca a bheith uirthi trí bhíthin comhartha atá san fhógra. *Is féidir le cur i láthair na faisnéise a bheith éagsúil ag brath ar na modhanna a mbaintear úsáid astu, agus carachtar na fógraíochta as líne á chur i gcuntas. Chun an fhaisnéis san fhógra*

ceanglas go mbeidh rochtain éasca ar an bhfaisnéis a fhoilsítear san fhógra trédhearcachta, go mbeidh sí inléite ag meaisín nuair is féidir sin go teicniúil, agus go mbeidh sé éasca í a úsáid, ba cheart a chuimsiú ann go dtugann sí aghaidh ar riachtanais daoine atá faoi mhíchumas. In **Iarscríbhinn I** a ghabhann le Treoir 2019/882 (an **Ionstraim** Eorpach um Inrochtaineacht) tá ceanglais inrochtaineachta **maidir le faisnéis**, lena n-áirítear faisnéis dhigiteach ar cheart a úsáid chun **faisnéis pholaitiúil a dhéanamh inrochtana do dhaoine** faoi mhíchumas.

trédhearcachta a aisghabháil go héasca, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as, mar shampla, nasc chuig leathanach gréasáin tiomnaíthe, ar an scáileán nó trí mheáin fuaimne, cód mearfhreagartha (cóid QR) nó bearta teicniúla coibhéiseacha atá éasca le húsáid. Ba cheart don fhoilsitheoir fógraíochta a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis faoin bhfógra trédhearcachta le feiceáil go soiléir inter alia, agus ba cheart go mbeadh sí léirithe go soiléir san fhógrán nó leis an bhfógrán. An ceanglas go mbeidh rochtain éasca ar an bhfaisnéis a fhoilsítear san fhógra trédhearcachta, go mbeidh sí inléite ag meaisín nuair is féidir sin go teicniúil, agus go mbeidh sé éasca í a úsáid, ba cheart a chuimsiú ann go dtugann sí aghaidh ar riachtanais daoine atá faoi mhíchumas. In **Iarscríbhinn I** a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 (an **Gníomh** Eorpach um Inrochtaineacht), tá ceanglais inrochtaineachta **le haghaidh faisnéise**, lena n-áirítear faisnéis dhigiteach ar cheart í a úsáid chun **go mbeidh rochtain ag daoine** faoi mhíchumas **ar fhaisnéis pholaitiúil. Maidir le hidirghníomhú leis an nasc nó le modhanna coibhéiseacha eile chun rochtain a fháil ar an bhfógra trédhearcachta, níor cheart go dtuigfí as féin go bhfuil baint aige leis an bhfógra polaitiúil comhfhreagrach. Maidir le hidirghníomhú leis an nasc nó le modhanna coibhéiseacha eile chun rochtain a fháil ar an bhfógra trédhearcachta, níor cheart go dtuigfí aisti féin go bhfuil baint aige leis an bhfógra polaitiúil comhfhreagrach.**

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(42) Ós rud é go gcuireann foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla fógraí polaitiúla ar

Leasú

(42) Ós rud é go gcuireann foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla fógraí polaitiúla ar

fáil don phobal, ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a fhoilsiú nó a scaipeadh **ar an bpobal** mar aon leis an bhfógra polaitiúil a fhoilsiú nó a scaipeadh. Na fógraí polaitiúla nach gcomhlíonann na ceanglais trédhearcachta faoin Rialachán seo, níor cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla na fógraí sin a chur ar fáil don phobal. Ina theannta sin, foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla atá ina n-ardáin an-mhór ar líne de réir bhrí Rialachán (AE) 2021/XXX [an **Ionstraim** um Sheirbhísí Digiteacha], ba cheart dóibh an fhaisnéis atá san fhógra trédhearcachta a chur ar fáil trí na stórtha fógraíochta atá foilsithe de bhun Airteagal 30 den Rialachán [an **Ionstraim** um Sheirbhísí Digiteacha]. Is rud é sin a éascófar obair na ngníomhaithe leasmhara, lena n-áirítear taighdeoirí ina ról sonrach, chun tacú le toghcháin nó reifrinn atá saor agus cóir agus le feachtais toghcháin chóra lena n-áirítear trí iniúchadh a dhéanamh ar urraitheoirí fógraíochta polaitiúla agus anailís a dhéanamh ar thírdhreach na fógraíochta polaitiúla.

fáil don phobal, ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a **shuíomh, a fhoilsiú, a chur chun cinn** nó a scaipeadh **san fhógra trédhearcachta don phobal** mar aon leis an bhfógra polaitiúil a **shuíomh, a fhoilsiú, a chur chun cinn** nó a scaipeadh. Na fógraí polaitiúla nach gcomhlíonann na ceanglais trédhearcachta faoin Rialachán seo, níor cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla na fógraí sin a chur ar fáil don phobal. Ina theannta sin, foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla atá ina n-ardáin an-mhór ar líne **agus innill chuardaigh an-mhór ar líne** de réir bhrí Rialachán (AE) 2021/XXX [an **Gníomh** um Sheirbhísí Digiteacha], ba cheart dóibh an fhaisnéis atá san fhógra trédhearcachta a chur ar fáil trí na stórtha fógraíochta atá foilsithe de bhun Airteagal 30 den Rialachán [an **Gníomh** um Sheirbhísí Digiteacha]. **Ba cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla nach ardáin an-mhór ar líne ná innill chuardaigh an-mhór ar líne iad de réir bhrí Rialachán (AE) 2021/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha] an fhaisnéis atá san fhógra trédhearcachta a chur ar fáil i stór. Is gá go n-áiritheoidh ardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne rochtain fíor-ama ar fhaisnéis den sórt sin. I bhfianaise chomhthéacs na fógraíochta polaitiúla agus an tionchair a bhíonn aige ar phróisis dhaonlathacha, tá gá le cuntasacht phoiblí agus maoirseacht rialála chun cur ar chumas daoine aonair cinntí polaitiúla eolasacha a dhéanamh saor ó chur isteach nó ó chúbláil. Is rud é sin a éascófar **an grinnscrúdú poiblí agus** obair na ngníomhaithe leasmhara, lena n-áirítear taighdeoirí ina ról sonrach, chun tacú le toghcháin nó reifrinn atá saor agus cóir agus le feachtais toghcháin chóra lena n-áirítear trí iniúchadh a dhéanamh ar urraitheoirí fógraíochta polaitiúla agus anailís a dhéanamh ar thírdhreach na fógraíochta polaitiúla.**

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 57

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(57) A mhéid a bhaineann le **maoirseacht** ar sheirbhísí idirghabhálacha ar líne faoin Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú agus a áirithiú go bhfuil an **mhaoirseacht** sin comhleanúnach leis na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 38 de Rialachán (AE) [an **Ionstraim** um Sheirbhísí Digiteacha]. Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha **i ngach Ballstát**, de bhun Rialachán (AE), an **Ionstraim** um Sheirbhísí Digiteacha, **ba cheart an fhreagracht** a bheith **orthu** as comhordú a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta i **ndáil leis na hábhair** sin, agus i gcás inar gá, dul i mbun comhar trasteorann le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile, de réir na sásraí a leagtar síos i Rialachán (AE) [an **Ionstraim** um Sheirbhísí Digiteacha]. Faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart **an** sásra sin a theorannú don chomhar náisiúnta idir Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha [agus níor cheart a áireamh ann go n-ardófar chuig leibhéal an Aontais é mar a fhoráiltear le Rialachán (AE) [an **Ionstraim** um Sheirbhísí Digiteacha].

Leasú

(57) A mhéid a bhaineann le **formhaoirseacht** ar sheirbhísí idirghabhálacha ar líne faoin Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú agus a áirithiú go bhfuil an **fhormhaoirseacht** sin comhleanúnach leis na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 38 de Rialachán (AE) [an **Gníomh** um Sheirbhísí Digiteacha] **agus leis na húdaráis inniúla le haghaidh faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Threoir 2010/13/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a} agus i bhfianaise na n-inniúlachtaí agus na gcumhachtaí arna ndeonú ar na húdaráis sin de bhun Threoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1b}. Ag brath ar raon na saincheiste, ba cheart, in aon chás, do na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha de bhun Rialachán (AE), an **Gníomh** um Sheirbhísí Digiteacha **nó do na húdaráis inniúla atá freagrach as cur i bhfeidhm Threoir 2010/13/EU, i ngach Ballstát** a bheith **freagrach** as comhordú a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta i **leith na n-ábhar** sin, agus i gcás inar gá, dul i mbun comhar trasteorann le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile, de réir na sásraí a leagtar síos i Rialachán (AE) [an **Gníomh** um Sheirbhísí Digiteacha], **nó leis na sásraí a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir 2010/13/AE**. Faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart **na** sásra sin a theorannú don chomhar náisiúnta idir Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha **nó na húdaráis náisiúnta a dhéanann faireachán ar chur i bhfeidhm Threoir 2010/13/AE**.**

^{1a} *Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na*

hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin sna Ballstáit maidir le seirbhísí meán ciosamhairc a sholáthar (an Treoir um Sheirbhísí Meán Ciosamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1).

^{1b} Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán ciosamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Ciosamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh (IO L 303, 28.11.2018, lch. 69).

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 58

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(58) Maidir le formhaoirseacht ar na gnéithe sin den Rialachán seo nach dtagann faoi inniúlacht na n-údarás maoirseachta faoi Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2018/725, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú. Chun tacú leis na cearta agus na saoirsí bunúsacha, an smacht reachta, na prionsabail dhaonlathacha agus muinín an phobail as **maoirseacht ar an bhfógraíocht** pholaitiúil, is gá go mbeidh na húdaráis sin neamhspleách ó thaobh struchtúir de ó idirghabháil sheachtrach nó ón mbrú polaitiúil agus go gcumhachtaítear iad go hiomchuí ionas gur féidir leo faireachán éifeachtach a dhéanamh agus na bearta is gá a ghlacadh chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú, go háirithe na hoibleagáidí a leagtar síos in **Airteagal 7. Féadfaidh** na Ballstáit na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta a ainmniú **go**

Leasú

(58) Maidir le formhaoirseacht ar na gnéithe sin den Rialachán seo nach dtagann faoi inniúlacht na n-údarás maoirseachta faoi Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2018/725 **agus Treoir 2010/13/AE**, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú. Chun tacú leis na cearta agus na saoirsí bunúsacha, an smacht reachta, na prionsabail dhaonlathacha agus muinín an phobail as **an bhformhaoirseacht a dhéantar ar fhógraíocht** pholaitiúil, is gá go mbeidh na húdaráis sin neamhspleách ó thaobh struchtúir de ó idirghabháil sheachtrach nó ón mbrú polaitiúil agus go gcumhachtaítear iad go hiomchuí ionas gur féidir leo faireachán éifeachtach a dhéanamh agus na bearta is gá a ghlacadh chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú, go háirithe na hoibleagáidí a leagtar síos in **Airteagal 7. Ba cheart do** na Ballstáit na húdaráis nó na comhlachtaí

háirithe faoi Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**¹³.

rialála náisiúnta a ainmniú faoi Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**¹³.

¹³ Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin sna Ballstáit maidir le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (**an** Treoir **um** Sheirbhísí Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1).

¹³ Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin sna Ballstáit maidir le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí **na** Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1).

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 59

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(59) I gcás inarb ann do rialacha cheana féin faoi dhlí an Aontais maidir le faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla agus comhar leis na húdaráis sin agus eatarthu, amhail Airteagal 9 de Rialachán (AE)/xxx [**an Ionstraim** um Sheirbhísí Digiteacha], nó na rialacha atá i Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart feidhm mutatis mutandis a bheith ag na rialacha sin maidir le forálacha ábhartha an Rialacháin seo.

Leasú

(59) I gcás inarb ann do rialacha cheana féin faoi dhlí an Aontais maidir le faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla agus comhar leis na húdaráis sin agus eatarthu, amhail Airteagal 9 de Rialachán (AE) **2021/xxx [an Gníomh** um Sheirbhísí Digiteacha], nó na rialacha atá i Rialachán (AE) 2016/679, **nó i dTreoir 2010/13/AE**, ba cheart feidhm mutatis mutandis a bheith ag na rialacha sin maidir le forálacha ábhartha an Rialacháin seo.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 62

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(62) Ba cheart do na Ballstáit pointe teagmhála ar leibhéal an Aontais a ainmniú chun críocha an Rialacháin seo. Ba cheart **gur comhalta** den Líonra Eorpach um **Comhar** maidir le **Toghchán a bheidh sa phointe teagmhála, más féidir**. Ba cheart don phointe teagmhála comhar a éascú i

Leasú

(62) Ba cheart do na Ballstáit pointe teagmhála ar leibhéal an Aontais a ainmniú chun críocha an Rialacháin seo. Ba cheart **don phointe teagmhála úsáid a bhaint as struchtúir atá ann cheana** den Líonra Eorpach um **Chomhar** maidir le **Toghcháin nó de Ghrúpa na Rialálaithe**

measc údaráis inniúla idir na Ballstáit ó thaobh a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de, go háirithe trí idirghabháil a dhéanamh idir na pointí teagmhála i mBallstáit eile agus na húdaráis inniúla ina Bhallstát féin.

Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA). Ba cheart don phointe teagmhála comhar a éascú i measc údaráis inniúla idir na Ballstáit ó thaobh a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de, go háirithe trí idirghabháil a dhéanamh idir na pointí teagmhála i mBallstáit eile agus na húdaráis inniúla ina Bhallstát féin.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 63

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(63) Ba cheart d'údaráis na **mBallstáit** a áirithiú go ngearrfar fineálacha riaracháin nó pionóis airgeadais **i ngeall ar sháruithe ar** na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo. Agus **é sin a** dhéanamh acu, ba cheart dóibh aird a thabhairt ar chineál, tromchúis, atarlú agus fad an tsáraithe, i bhfianaise leas an phobail atá i gceist, raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí a rinneadh, mar aon le **hacmhainn** eacnamaíoch an **té a rinne an sárú**. Sa chomhthéacs sin, ba cheart **aird a thabhairt ar** an ról rithábhachtach atá ag na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 7 **le haghaidh shaothrú éifeachtach chuspóirí** an Rialacháin **atá i bhfeidhm faoi láthair**. Thairis sin, ba cheart dóibh a chur san áireamh **más rud é nach gcomhlíonann** an soláthraí seirbhíse lena mbaineann na **hoibleagáidí** a eascraíonn as an Rialachán seo ar bhonn córasach nó ar bhonn tráthrialta, lena n-áirítear trí mhoill a chur ar sholáthar na faisnéise d'eintitis leasmhara, agus i gcás inarb ábhartha, **más rud é go** bhfuil an soláthraí seirbhíse fógraíochta polaitiúla gníomhach i roinnt Ballstát. I ngach cás ar leith, is fineálacha agus pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a bheidh sna fineálacha riaracháin **agus sna pionóis airgeadais**, agus aird chuí á tabhairt do

Leasú

(63) Ba cheart d'údaráis na **mBallstát** a áirithiú go ngearrfar fineálacha riaracháin nó pionóis airgeadais **de bharr sáruithe** ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo. Agus **an méid sin á** dhéanamh acu, ba cheart dóibh aird a thabhairt ar chineál, tromchúis, atarlú agus fad **tréimhse** an tsáraithe, i bhfianaise leas an phobail atá i gceist, raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí a rinneadh, mar aon le **méid an tsáraithe agus acmhainneacht** eacnamaíoch an **tsáraitheora**. Sa chomhthéacs sin, ba cheart an ról rithábhachtach atá ag na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5 **agus in Airteagal 7 chun cuspóirí** an Rialacháin **seo a bhaint amach go héifeachtach a chur san áireamh agus ba cheart sáruithe ar na hAirteagail sin a mheas mar sháruithe fiorthromchúiseacha**. Thairis sin, ba cheart dóibh a chur san áireamh **cibé acu an ndéanann an** soláthraí seirbhíse lena mbaineann **comhlíonadh** na **n-oibleagáidí** a eascraíonn as an Rialachán seo **a mhainneachtain** ar bhonn córasach nó ar bhonn tráthrialta **nó nach ndéanann**, lena n-áirítear trí mhoill a chur ar sholáthar na faisnéise d'eintitis leasmhara, agus i gcás inarb ábhartha, **cibé acu an** bhfuil an soláthraí seirbhíse fógraíochta polaitiúla gníomhach i roinnt Ballstát **nó nach**

sholáthair na coimircí nós imeachta atá leordhóthanach agus inrochtana, agus go háirithe chun a áirithiú go leanfaidh an dioscúrsa polaitiúil de bheith oscailte agus inrochtana.

bhfuil. I ngach cás ar leith, is fineálacha agus pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a bheidh sna **pionóis airgeadais agus sna** fineálacha riaracháin, agus aird chuí á tabhairt **ar sholáthar na gcoimircí** nós imeachta atá leordhóthanach agus inrochtana, agus go háirithe chun a áirithiú go leanfaidh an dioscúrsa polaitiúil de bheith oscailte agus inrochtana.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 4 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(f) Treoir (AE) 2010/13;

Leasú

(f) Treoir 2010/13/AE

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. ciallaíonn ‘fógraíocht pholaitiúil’ teachtaireacht a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a **fhoilsiú** nó a scaipeadh, **trí aon mhodh**:

(a) ag gníomhaí polaitiúil, sin nó thar a cheann nó ar a shon, ach amháin más teachtaireacht de chineál príobháideach nó tráchtála í; nó

(b) **a d’fhéadfadh** tionchar a imirt ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar **iompraíocht** vótála.

Leasú

2. ciallaíonn ‘fógraíocht pholaitiúil’ teachtaireacht a ullmhú, a **cheannach, a** shuíomh, a chur chun cinn, a **chur chun cinn** nó a scaipeadh, **ar bhealach ar bith**:

(a) ag gníomhaí polaitiúil, sin nó thar a cheann nó ar a shon, ach amháin más teachtaireacht de chineál príobháideach nó tráchtála í; nó

(b) **atá faoi dhliteanas agus atá ceaptha chun** tionchar a imirt ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar **iompar** vótála **trí thionchar a imirt ar thuairimí an phobail ar shaincheisteanna sochaíocha**.

Ní áirítear sa choincheap sin tuairimí polaitiúla ná úbhar eagarthóireachta eile a chuirtear in iúl faoi fhreagracht eagarthóireachta soláthraí seirbhíse

meán, de réir bhrí Airteagal 1(1), pointí (c) agus (d), faoi seach, de Threoir 2010/13/AE, i gclár na meán fuaime agus closamhairc, lena n-áirítear craoltaí líneacha nó neamhlíneacha, nó foilsithe sna meáin chlóite nó ar líne, murar íoc tríú páirtí an soláthraí as an ábhar sin nó murar thug tríú páirtí luach saothair don soláthraí don ábhar sin.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. ciallaíonn ‘seirbhís fógraíochta polaitiúla’ seirbhís a ***dhéanann fógraíocht pholaitiúil, cé is moite de sheirbhís idirghabhálach*** ar líne de réir bhrí Airteagal 2(f) de Rialachán (AE) 2021/XXX [an ***Ionstraim*** um Sheirbhísí Digiteacha], ar seirbhís í a ***sholáthraítear gan suíomh***, foilsíú nó scaipeadh na teachtaireachta sonraí ***a chur san áireamh***;

Leasú

5. ciallaíonn ‘seirbhís fógraíochta polaitiúla’ seirbhís a ***sholáthraítear de ghnáth*** ar ***íocaíocht dhíreach nó ar luach saothair coibhéiseach, arb é atá inti go háirithe fógrán polaitiúil a ullmhú, a cheannach, a shuíomh, a fhoilsíú, a chur chun cinn nó a scaipeadh, gan seirbhís idirghabhálaí*** ar líne de réir bhrí Airteagal 2(f) de Rialachán (AE) 2021/XXX [an ***Gníomh*** um Sheirbhísí Digiteacha] ***a chur san áireamh***, ar seirbhís í a ***chuirtear ar fáil gan aird ar shuíomh***, foilsíú nó scaipeadh na teachtaireachta sonraí;

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

11. ciallaíonn ‘foilsitheoir fógraíochta polaitiúla’ duine nádúrtha nó dlítheanach a ***dhéanann fógraíocht pholaitiúil a chraoladh***, a ***chur*** ar fáil trí chomhéadan nó a ***chur san fhearann poiblí*** ar bhealach eile trí ***aon mhodh***;

Leasú

11. ciallaíonn ‘foilsitheoir fógraíochta polaitiúla’ duine nádúrtha nó dlítheanach a ***chraolann***, a ***chuireann*** ar fáil trí chomhéadan nó a ***scaipeann, a fhoilsíonn, a chuireann chun cinn nó a sheachadann fógraíocht pholaitiúil*** ar bhealach eile trí ***mheán ar bith***;

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) ráiteas á rá gur fógra polaitiúil atá ann;

Leasú

(a) ráiteas **soiléir** á rá gur fógra polaitiúil atá ann;

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) céannacht urraitheoir an **fhógra** pholaitiúil agus an **eintitis** a rialaíonn an t-urraitheoir ar deireadh;

Leasú

(b) céannacht urraitheoir an **fhógráin** pholaitiúil agus, **i gcás inarb iomchuí**, an **t-eintiteas** a rialaíonn **nó a mhaoiníonn** an t-urraitheoir ar deireadh;

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) fógra trédhearcachta chun **go bhféadfaidh** comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus a aidhmeanna a **thuiscint**, sin nó léiriú soiléir ar an áit ar féidir an fógra trédhearcachta sin a fháil.

Leasú

(c) fógra trédhearcachta chun comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus a aidhmeanna a **mhíniú**, sin nó léiriú soiléir ar an áit ar féidir an fógra trédhearcachta sin a fháil.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Áiritheofar an fógra trédhearcachta i ngach fógra polaitiúil nó beidh sé éasca teacht air tríd an bhfógra, agus beidh an fhaisnéis seo a leanas ann:

Leasú

2. Áiritheofar an fógra trédhearcachta i ngach fógra polaitiúil nó beidh sé éasca teacht air tríd an bhfógra, agus beidh an fhaisnéis seo a leanas ann **i bhformáid**

shoiléir:

Leasú 25

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – pointe a**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) céannacht an **urraitheora** agus a **shonraí teagmhála**;

Leasú

(a) céannacht **urraitheoir** an **fhógráin pholaitiúil**, a **úit bhunaithe** agus **sonraí teagmhála cothrom le dáta agus, i gcás inarb infheidhme, an t-eintiteas a rialaíonn an t-urraitheoir nó a mhaoiníonn an t-urraitheoir ar deireadh**;

Leasú 26

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) an tréimhse lena linn a bhfuil sé beartaithe an fógra polaitiúil a fhoilsiú agus a scaipeadh;

Leasú

(b) an tréimhse lena linn a bhfuil sé beartaithe an fógra polaitiúil a **shuíomh**, a fhoilsiú, a **chur chun cinn** agus a scaipeadh;

Leasú 27

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – pointe c**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) bunaithe, **as** measc nithe eile, ar fhaisnéis a **fhaightear** i gcomhréir le hAirteagal 6(3), faisnéis **maidir leis** na méideanna **comhiomlána** a caitheadh nó **maidir le** sochair eile a fuarthas **mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar an bhfógrán lena mbaineann** a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a scaipeadh.

Leasú

(c) bunaithe, **i** measc nithe eile, ar fhaisnéis a **fuarthas** i gcomhréir le hAirteagal 6(3), faisnéis **faoi** na **foinsí**, na méideanna **comhiomlánaithe** a caitheadh nó sochair eile a fuarthas **i bpáirt nó go hiomlán chun an fógrán ábhartha** a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a scaipeadh, **agus, i gcás fógraíochta polaitiúla atá mar chuid d'fheachtas fógraíochta polaitiúla, faisnéis faoi fhoinsí na méideanna**

comhiomlánaithe;

Leasú 28

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – pointe e**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(e) i gcás inarb infheidhme, naisc chuig stórtha fógraí ar líne;

Leasú

(e) i gcás inarb infheidhme, naisc chuig stórtha fógraí **polaitiúla** ar líne;

Leasú 29

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Chun críocha mhír 1 agus mhír 2, cuirfear sainiúlachtaí mheán an fhoilsithe san áireamh go háirithe chun na módúlachtaí a oiriúnú do sheirbhísí meán closamhairc, don raidió agus don phreas;

Leasú 30

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2b. Áiritheoidh na hurraitheoirí go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 iomlán agus ceart.

Leasú 31

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. **Déanfaidh** foilsitheoirí fógraíochta

3. **Áiritheoidh** foilsitheoirí fógraíochta

polaitiúla *iarrachtaí réasúnta chun a áirithiú gur iomlán atá* an fhaisnéis dá dtagraítear i *míreanna* 1 agus 2, agus i gcás ina gcinnfidh siad nach amhlaidh atá, ní chuirfidh *siad* an fógra polaitiúil ar fáil.

polaitiúla *go mbeidh* an fhaisnéis dá dtagraítear i *mír* 1 agus *i mír* 2 *iomlán*, agus i gcás ina gcinnfidh siad nach amhlaidh atá, *déanfaidh na foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla an fhaisnéis sin a chomhlánú. Go dtí go mbeidh an fhaisnéis sin tugtha chun críche*, ní chuirfidh an *foilsitheoir fógraíochta polaitiúla an* fógra polaitiúil ar fáil *agus cuirfidh sé na soláthraithe seirbhíse ábhartha agus an t-urraitheoir ar an eolas dá réir sin.*

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3a. I gcás ina dtiocfaidh an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla ar an eolas, tar éis fógrán polaitiúil a fhoilsiú, nach bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 cruinn agus iomlán, iarrfaidh sé ar an urraitheoir nó ar na soláthraithe seirbhíse ábhartha an fhaisnéis sin a cheartú nó a chur i gcrích go gasta.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. *Coimeádfar* fógraí trédhearcachta cothrom le dáta agus *cuirfear* i láthair *iad* i bhformáid atá inrochtana go héasca, *le feiceáil* go soiléir agus soláimhsithe, lena n-áirítear trí *teanga shoiléir a úsáid*, agus i gcás *inar féidir sin a dhéanamh go teicniúil, cuirfear i láthair iad i bhformáid atá inléite ag meaisín*. Foilseoidh an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla an fhaisnéis in éineacht leis an bhfógra

4. *Déanfar* fógraí trédhearcachta *a choinneáil* cothrom le dáta agus *a chur* i láthair i bhformáid atá inrochtana go héasca *agus infheicthe* go soiléir agus *inléite ag meaisín*, soláimhsithe, lena n-áirítear trí *úsáid a bhaint as gnáthfhríotal*, agus i gcás *inarb infheidhme, a bheidh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine faoi mhíchumas*. Foilseoidh an foilsitheoir fógraíochta

polaitiúil ó thráth a chéad fhoilsithe go bliain amháin i ndiaidh a fhoilsiú dheiridh.

polaitiúla an fhaisnéis in éineacht leis an bhfógra polaitiúil ó thráth a chéad fhoilsithe go bliain amháin i ndiaidh a fhoilsiú dheiridh. *Maidir le hidirghníomhú leis an nasc nó le modhanna coibhéiseacha eile chun rochtain a fháil ar an bhfógra trédhearcachta, ní thuigfear aisti féin go bhfuil baint aige leis an bhfógra polaitiúil comhfhreagrach.*

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

6. Foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla *atá ina n-ardáin* an-mhór ar líne de réir bhrí Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2021/xxx [DSA], *maidir leis* na stórtha a chuireann siad ar fáil de bhun Airteagal 30 den Rialachán sin [an *Ionstraim* um Sheirbhísí Digiteacha], *áiritheoidh siad go gcuirfidh siad* an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ar fáil i *leith gach fógra pholaitiúil sa stór*.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

6. *Áiritheoidh* foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla *ar ardáin* an-mhór ar líne *iad* de réir bhrí Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2021/xxx [DSA] *nó innill chuardaigh an-mhór ar líne de réir bhrí Airteagal 33a de Rialachán (AE) 2021/xxx [DSA] go ndéanfaidh* na stórtha a chuireann siad ar fáil de bhun Airteagal 30 den Rialachán sin [an *Gníomh* um Sheirbhísí Digiteacha] an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 *a chur* ar fáil *do gach fógrán polaitiúil* i stór *tiomnaithe agus áiritheoidh siad rochtain fíor-ama ar an bhfaisnéis sin*.

6a. *Déanfaidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla nach ardáin an-mhór ar líne ná innill chuardaigh an-mhór iad de réir bhrí Rialachán (AE) 2021/xxx [DSA] an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chur ar fáil i stór tiomnaithe.*

Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmhligthe i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a leagan amach maidir le struchtúr, eagrú agus feidhmiúlachtaí na stórtha dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmhligthe den sórt sin [de réir lae/mí/bliain] ar bhonn measúnú tionchair ar na roghanna féideartha chun an ceanglas a leagtar síos ann a chur chun feidhme. Beidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír [X] mí tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmhligthe dá dtagraítear sa dara fhomhír

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le **hAirteagal 19** chun Iarscríbhinn I a leasú trí ghnéithe a chur le liosta na faisnéise atá le soláthar de bhun mhír 2, nó gnéithe a mhodhnú nó a bhaint den liosta sin, i gcás inar gá leasú den chineál sin, i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha, chun go dtuigfí comhthéacs níos leithne an **fhógra** pholaitiúil agus **a aidhmeanna**.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 4 a (nua)

Leasú

8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le **hAirteagal 19** chun Iarscríbhinn I a leasú trí ghnéithe a chur le liosta na faisnéise atá le soláthar de bhun mhír 2, nó gnéithe a mhodhnú nó a bhaint den liosta sin, i gcás inar gá leasú den chineál sin, i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha, **taighde eolaíoch ábhartha, forbairtí ó thaobh formhaoirseachta de ag na húdaráis inniúla agus treoraíocht ábhartha arna heisiúint ag na comhlachtaí inniúla**, chun go dtuigfí comhthéacs níos leithne an **fhógráin** pholaitiúil agus **na haidhmeanna atá leis**.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4a. *I gcás seirbhísí fógraíochta polaitiúla as líne, na meáin chlóite agus fiontair bheaga i réimse na meán, beidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo agus sainiúlachtaí na seirbhísí sin agus na gcineálacha meán sin á gcur san áireamh.*

Leasú 38

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. *Beidh an chumhacht ag na húdaráis rialála náisiúnta nó na comhlachtaí rialála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le forálacha Threoir 2010/13/AE agus beidh siad freagrach as comhordú na bhforálacha sin a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 30a agus ag Airteagal 30b de Threoir 2010/13/AE.*

Leasú 39

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as na gnéithe den Rialachán seo nach dtagraítear dóibh i míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. **Ó thaobh struchtúir de, beidh** gach údarás inniúil a ainmnítear faoin mír seo iomlán **neamhspleách** ar an earnáil agus ar aon

3. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as na gnéithe den Rialachán seo nach dtagraítear dóibh i míreanna 1, **1a** agus 2 a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. **Teachtfaidh** gach údarás inniúil a ainmnítear faoin mír seo **neamhspleáchas** iomlán **ó thaobh**

idirghabháil sheachtrach nó brú polaitiúil araon. **Ar bhealach atá iomlán neamhspleách**, déanfaidh sé faireachán éifeachtach agus déanfaidh sé na bearta **comhréireach** is gá chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 15 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

6. Áiritheoidh na Ballstáit comhar idir na húdaráis inniúla go háirithe faoi chuimsiú líonraí náisiúnta toghchán, chun malartú faisnéise **tapa** slán a éascú maidir le saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú a gcúraimí **maoirseachta** agus forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear trí shárúithe a shainaithe go comhpháirteach, torthaí agus saineolas a **roinnt**, agus teagmháil a dhéanamh **lena** chéile maidir le rialacha ábhartha a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 15 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

7. Ainmneoidh gach Ballstát **aon údarás inniúil amháin** mar phointe teagmhála ar leibhéal an Aontais chun críocha an Rialacháin seo.

struchtúir de ar an earnáil agus ar aon idirghabháil sheachtrach nó brú polaitiúil araon. Déanfaidh sé faireachán éifeachtach **ar bhealach atá go hiomlán neamhspleách** agus déanfaidh sé na bearta is gá **agus is comhréireach** chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú.

Leasú

6. Áiritheoidh na Ballstáit comhar idir na húdaráis inniúla go háirithe faoi chuimsiú líonraí náisiúnta toghchán **agus faoi chuimsiú Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc**, chun malartú faisnéise **mear agus** slán a éascú maidir le saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú a gcúraimí **formhaoirseachta** agus forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear trí shárúithe a shainaithe go comhpháirteach, torthaí agus saineolas a **chomhroinnt**, agus teagmháil a dhéanamh **le** chéile maidir le rialacha ábhartha a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.

Leasú

7. Ainmneoidh gach Ballstát **údaráis inniúla** mar phointe teagmhála ar leibhéal an Aontais chun críocha an Rialacháin seo, **agus áiritheoidh siad comhar cuimsitheach idir a n-údaráis náisiúnta agus an Coimisiún.**

Leasú 42

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 9**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

9. Tiocfaidh na pointí teagmhála le chéile go tráthrialta ar leibhéal ar Aontais faoi chuimsiú an Líonra Eorpaigh Comhair maidir le Toghcháin chun malartú faisnéise tapa slán a éascú maidir le saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo.

Leasú 43

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 3 – pointe e a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 44

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 4**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Measfar gur tromchúiseach iad **go háirithe** sáruihte ar Airteagal 7 i gcás ina mbaineann siad le fógraíocht pholaitiúil a foilsíodh nó a scaipeadh le linn tréimhse thoghcháin **agus** a dhírítear ar shaoránaigh sa Bhallstát ina bhfuil an toghchán ábhartha á eagrú.

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin

Leasú

9. Tiocfaidh na pointí teagmhála le chéile go tráthrialta ar leibhéal ar Aontais faoi chuimsiú an Líonra Eorpaigh Comhair maidir le Toghcháin **nó de ERGA** chun malartú faisnéise tapa slán a éascú maidir le saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo.

Leasú

(ea) méid agus acmhainneacht eacnamaíoch an tsoláthraí seirbhíse fógraíochta polaitiúla.

Leasú

4. Measfar gur **go háirithe** tromchúiseach iad sáruihte ar Airteagal 5 **agus** 7 i gcás ina mbaineann siad le fógraíocht pholaitiúil a foilsíodh nó a scaipeadh le linn tréimhse thoghcháin **nó** a dhírítear ar shaoránaigh sa Bhallstát ina bhfuil an toghchán ábhartha á eagrú.

Iarscríbhinn I – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) céannacht agus **bunaíocht** an urraitheora **a scaiptear an fógra** thar a cheann, lena n-áirítear a **ainm**, a **sheoladh**, a uimhir theileafóin agus a sheoladh ríomhphoist, agus **más** eintiteas nádúrtha nó **eintiteas** dlítheanach **é**.

Leasú

(b) céannacht agus **áit bhunaíochta** an urraitheora **ar** thar a cheann **a dhéantar an fógra a ullmhú, a shuíomh, a fhoilsiú, a chur chun cinn agus a scaipeadh**, lena n-áirítear a **n-ainm**, a **seoladh**, a uimhir theileafóin agus a sheoladh ríomhphoist, agus **cibé acu an** eintiteas nádúrtha nó dlítheanach **iad**.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn I – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(d) aon toghchán a bhfuil an fhógraíocht nasctha leis, más infheidhme.

Leasú

(d) aon toghchán **nó reifreann** a bhfuil an fhógraíocht nasctha leis, más infheidhme.

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<i>Teideal</i>	<i>Trédhearcacht agus spriocdhírú na fógraíochta polaitiúla</i>
<i>Tagairtí</i>	<i>COM(2021)0731 – C9-0433/2021 – 2021/0381(COD)</i>
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	IMCO 13.12.2021
<i>Tuairim ó</i> <i>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach</i>	<i>CULT</i> <i>13.12.2021</i>
<i>Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach</i>	<i>5.5.2022</i>
<i>Rapóirtéir don tuairim</i> <i>Dáta an cheapacháin</i>	<i>Sabine Verheyen</i> <i>22.3.2022</i>
Pléite sa choiste	1.9.2022
Dáta an ghlactha	25.10.2022
Toradh na vótála chríochnaithí	+: 21 –: 3 0: 3
<i>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</i>	<i>Asim Ademov, Andrea Bocskor, Ilana Cicurel, Gianantonio Da Re, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Alexis Georgoulis, Catherine Griset, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Elżbieta Kruk, Predrag Fred Matić, Niklas Nienab, Monica Semedo, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Milan Zver</i>
<i>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</i>	<i>João Albuquerque, Loucas Furlas, Marcel Kolaja, Rob Rooker</i>
<i>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</i>	<i>Lefteris Christoforou, Birgit Sippel</i>

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

21	+
<i>PPE</i>	<i>Asim Ademov, Lefteris Christoforou, Loucas Furlas, Tomasz Frankowski, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Milan Zver</i>
<i>RENEW</i>	<i>Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Irena Joveva, Monica Semedo</i>
<i>S&D</i>	<i>João Albuquerque, Hannes Heide, Petra Kammerevert, Predrag Fred Matić, Birgit Sippel, Massimiliano Smeriglio</i>
<i>THE LEFT</i>	<i>Alexis Georgoulis, Niyazi Kizilyürek</i>
<i>VERTS/ALE</i>	<i>Marcel Kolaja, Niklas Nienäb</i>

3	-
<i>ID</i>	<i>Gianantonio Da Re, Catherine Griset</i>
<i>NI</i>	<i>Andrea Bocskor</i>

3	0
<i>ECR</i>	<i>Elżbieta Kruk, Rob Rooken, Andrey Slabakov</i>

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh: